COMHAONTÚ

IDIR:

Eagraíocht European Registry for Internet Domains vzw/asbl

Seoladh Park Station

Woluwelaan 150

B-1831 Diegem

Belgium

CBL BE 0864 240 405

Ionadaithe ag: Marc Van Wesemael

Anseo ina dhiaidh seo ar a dtabharfar "EURid";

AGUS:

sample document

CÚLRA:

- Tá eagrú, riaradh agus bainistiú an Fhearainn BarrLeibhéil ".eu" tugtha do EURid faoi réir Rialachán (CE) Uimhir 733/2002 de chuid Pharlaimint na hEorpa, Comhairle an 22 Aibreán 2002 ar fhorfheidhmiú an Fhearainn Barrleibhéil .eu agus i Rialachán (CE) Uimhir 874/2004 a leagann amach na Rialacháin Bheartas Poiblí maidir le forfheidhmiú agus feidhmeanna an Fhearainn Barrleibhéil .eu agus na prionsabail a riallaíonn clárú;

- Is mian leis an gcláraitheoir a bheith ina chláraitheoir creidiúnaithe ".eu" agus a bheith rannpháirteach i bpróiseas cláraithe na nAinmneacha Fearainn sa bhFearann Barrleibhéil ".eu" trí Ainmneacha Fearainn a chlárú, a athnuachan, a aistriú nó a bhainistiú le EURid thar ceann a chliaint ach dá chuntas féin;

- Teastaíonn ó EURid comhoibriú leis an gcláraitheoir i gclárú, in athnuachan, aistriú agus bainistiú na nAinmneacha Fearainn ".eu" faoi théarmaí agus choinníollacha an chomhaontaithe seo;

TÁ SÉ SEO A LEANAS AONTAITHE AG NA PÁIRTITHE:

Airteagal 1. SAINMHÍNITHE

Sa Chomhaontú seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt:

Ciallaíonn "creidiúnú" deonú an chirt ar an gcláraitheoir an cheart Seirbhísí Cláraithe a thairiscint mar a dhéantar cur síos air anseo, tar éis an Chomhaontú seo a shíniú agus an táille ar a bhfuil cur síos déanta in airteagal 6.1 thíos a bheith íoctha ag an gcláraitheoir.

Ciallaíonn "Rialathóir Sonraí" an duine nátúrtha nó dlítheanach, údarás áitiúil, áisíneacht nó aon chomhlacht eile a chineann astu féin nó i gcomhar le dreamanna eile aidhmeanna agus modhanna próiseála Sonraí Pearsanta;

Ciallaíonn "Próiseálaí Sonraí" duine nádúrtha dlítheanach, a phróiseáileann na Sonraí Pearsanta thar ceann Rialathóir Sonraí;

Ciallaíonn "Ainm Fearainn" Ainm Fearainn a thugtar faoin bhFearann Barrleibhéil ".eu";

Ciallaíonn "Cláraí" coinneálaí nó iarratasóir an Ainm Fearainn agus go mbeadh a sonraí pearsanta curtha isteach i mbunachar sonraí *WHOIS* sa chás go dtugtar an Ainm Fearainn;

Ciallaíonn "Sonraí Pearsanta" aon fhaisnéis maidir le duine nádúrtha aitheanta nó inaitheanta. Duine gur féidir a aithint is ea duine inaitheanta, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt nó uimhir aitheantais nó trí ghné amháin nó níos mó dá (h)aitheantas fisiciúil, fiseolaíoch; meabhrach; eacnamaíochta, cultúrtha nó sóisialta.

Ciallaíonn "Clárú" an ceart atá deonaithe don gCláraitheoir chun Ainm Fearainn a úsáid ar feadh téarma teoranta, athnuaite, gan aistriú maoine, agus atá faoi réir 1) na dtéarmaí ginearálta agus coinníollacha curtha ar bun ag EURid agus 2) aon ráitis, reachtúil nó eile, atá glactha ag institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh maidir leis;

Ciallaíonn "Seirbhísí Cláraithe" seirbhísí cláraithe, athnauchana, aistrithe nó bainistithe na nAinmneacha Fearainn a chuirtear ar fáil do Chláraithe;

Ciallaíonn "Rialacha" gach riail agus rialachán a bhaineann le Fearann Barrleibhéil.eu, ag cur san áireamh gan teorainn Rialachán 733/2002, Rialachán 874/2004, Rialachán1654/2005; an Beartas Cláraithe, na Téarmaí agus Coinníollacha, Beartas *WHOIS*, na Rialacha *Sunrise*; Rialacha ADR agus Rialacha-Forlíonacha

sample document

ADR, mar atá foilsithe i measc nithe eile ar Shuíomh Ghréasáin EURid (www.eurid.eu) agus Cúirt Eadrána na Seice (www.adr.eu)

Airteagal 2. CREIDIÚNÚ AN CHLÁRAITHEORA

2.1 Ábhar an chomhaontaithe

Tríd an gComhaontú seo tugann EURid creidiúint don chláraitheoir agus ar an mbonn sin deonaíonn don gcláraitheoir an ceart Seirbhísí Cláraithe a thairiscint do Chláraitheoirí faoi na téarmaí agus coinníollacha atá leagtha amach thíos. Ní thugann an Comhaontú seo aon cheart, cumhacht nó údarás don Chláraitheoir an Clárlann a fheidhmiú nó a bhainistiú.

2.2 Neamheisiach

Tá na cearta deonta don Chláraitheoir faoin gComhaontú seo neamheisiatach, agus tá EURid saor go hiomlán dá rogha féin le Cláraitheoirí eile a cheapadh.

2.3 Comhlíonadh na Rialacha

Comhlíonfaidh an Cláraitheoir na Rialacha, agus staonfaidh sé ó chomhoibriú go díreach nó go hindíreach le haon Chláraí a sháraíonn na Rialacha nó a thionscnaíonn a leithéid de shárú. Ar thabhairt faoi ndeara a leithéid de mhí-iompar, cuirfidh an cláraitheoir EURid ar an eolas gan mhoill.

2.4 Teangacha

Nuair a bheidh duine ag déanamh iarratais ar Chreidiú, ní mór do gach clár-iarratasóir a chur in iúl cén teanga ina soláthraíonn siad na Seirbhísí Cláraithe. Tá gach cláraitheoir creidiúnaithe foilsithe ar liosta creidiúnaithe cláraitheoirí .eu ar shuíomh Ghréasáin EURid agus tá na teangacha ina soláthraíonn siad na Seirbhísí Chláraithe liostáilte ann leis.

Tugann an cláraitheoir barántas go ndéanfaidh sé: Téarmaí agus Coinníollacha na seirbhíse a chur ar fáil, seirbhísí agus praghsanna a leagadh amach agus tacaíocht a sholáthar don chustaiméir sa teanga/sna teangacha tugtha, sa chás go dtuigtear go gciallaíonn 'tacaíocht don chustaiméir' in aon teanga tacaíocht ar an nguthán/ leictreonach.

Ní mór do Chláraitheoirí leis na Seirbhísí Chláraithe a sholáthar sna teangacha luaite. Ní dhéanfar Cláraitheoirí nach bhfuil suíomh Gréasáin fheidhmiúil acu ar ar féidir leo a seirbhísí agus a sonraí teagmhála a fhoilsiú a mheas maidir le solathar tacaíochta don chustaiméir.

Ní mór do chláraitheoirí tacaíocht chustaiméara a sholáthar in ar a laghad ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Ní mór do gach cláraitheoir a sheoladh r-phoist sainiúil feidhmiúil féin a bheith aige.

Má theipeann ar an gcláraitheoir a leithéid de sheirbhísí a sholáthar i gceann nó níos mó de na teangacha luaite, féadfaidh EURid an táscaire teanga cuí a bhaint ón gcláraitheoir. Fairis sin, sárú ábhartha an Chomhaontaithe seo a bheadh in a leithéid de theip.

2.5 Inniúlachtaí Teicniúla

Tugann an cláraitheoir barátas go bhfuil an inniúlacht theicniúil aige leis na gnímh éagsúla a thabhairt chun críche (Clárú nua, uasghrádú fearann, aistriú fearann, srl) ag baint úsáide as córais uathoibrithe EURid.

sample document

Tá dualgas ar an gcláraitheoir gach Seirbhís Chláraithe atá ar fáil ó EURid a chur ar fáil don gCláraí mar shampla (ach ní teoranta go dtí):

- Athrú freastalaithe FAM/ DNS (Freastalaí Ainmneacha Fearainn)
- Uasghrádú sonraí teagmhála
- Athnuachan Ainm Fearainn
- Aistriú Ainmneacha Fearainn

Féachfar go bhfuil aon chlárathóir a dhéanann ráitis chalaoiseacha maidir le teorainn teicniúla thar ceann EURid ag sárú an chomhaontaithe.

2.6 Úsáid an téarma "Cláraitheoir Creidiúnaithe"

Tar éis tabhairt chun críche an phróisis rathúil Creidiúnaithe, d'fhéadfadh an cláraitheoir tagairt a dhéanamh dó féin mar 'Cláraitheoir Creidiúnaithe'. D'fhéadfadh an cláraitheoir, áfach, gan a stádas a lua nó a thabhairt le fios go bhfuarthas a stádas mar 'Cláraitheoir Creidiúnaithe' bunaithe ar chaighdeán a sheirbhísí.

Airteagal 3. CLÁRÚ AINM FEARAINN

De réir an chomhaontaithe seo, cláróidh agus ceadóidh EURid an ceart chun aon Ainm Fearainn a úsáid a bhfuil Clárú nó athnuachan iarrtha ag an gcláraitheoir thar cheann an Chláraí, ach dá chúntas féin. Ní cheadófar úsáid an Ainm Fearainn ach amháin má tá an t-iarratasóir ag dul de réir na rialacha.

Airteagal 4. DUALGAIS AN CHLÁRAITHEÓRA

Déanfaidh an cláraitheoir:

- cinntiú agus doiciméadú go bhfuil na Rialacha atá i bhfeidhm glactha ag gach cláraí don a gcláraíonn an cláraitheoir Ainm Fearainn. Cuirfidh an cláraitheoir doiciméidí ag taispeáint glacadh an tIarratasóra leis an rialacha ar fáil ar chéad iarratas EURid gan aon mhoill.

- cinntiú agus doiciméadú a dhéanamh go gcloífidh gach Cláraí a gcláraíonn an Cláraitheoir Ainm Fearainn dó le riachtanais Airteagal 3 de Rialachán 874/2004, san áireamh gan teorainn deimhniú an Chláraitheora go bhfuil de réir a n-eolais an t-iarratas ar Chlárú ainm fearainn déanta de mheon macánta agus nach gcuireann sé isteach ar chearta aon tríú pháirtí mar atá leagtha amach in Airteagal 3 de Rialachán 874/2004. Déanfaidh an cláraitheoir, gan mhoill mhíchuí, ar iarratas ó EURid gan doiciméid ar chur ar fáil do EURid ag taispeáint go bhfuil an Cláraí ag déanamh de réir Airteagal 3 de Rialachán 874/2004.

- cinntiú go bhfuil gach Cláraí a gcláraíonn an cláraitheoir Ainm Fearainn dó ag comhlíonadh na riachtanas sna Rialacha chun Clárú Ainm Fearainn a bhaint amach nó a athnuachan, go háirithe ach gan teorainn riachtanais Rialachán CE 733/2002 agus Rialachán CE 874/2004 ina bhfuil san áireamh critéir cháilitheachta ginearálta do .eu. D'fhéadfadh go mbeadh de thoradh ar theip i gcomhlíonadh na riachtanas seo go gcuirfí an Clárú ar ceal láithreach.

- Gach Cláraí a chur ar an eolas maidir le gach faisnéis a sheolann EURid go dtí an cláraitheoir, go háirithe sa chás go mbeadh tionchar ag an bhfaisnéis a sheolann EURid ar an gcaidreamh conartha idir an Cláraí agus EURid nó sa chás go mbeadh baint ag an t-eolas a seoladh leis an bhféidirtheacht deireadh a chur le Clárú Ainm Fearainn.

- Le linn an phróisis Cláraithe, cuir isteach i gcónaí (san áireamh ach ní teoranta do aon aighneachtaí sa bhunachar *WHOIS*) sonraí an Chláraí a rinne an chéad iarratas do Chlárú an Ainm Fearainn/ Na hAinmneacha Fearann atá i gceist agus ní a shonraí féin. Is é seoladh ríomh-phoist an Chláraí amháin

sample document

a bheidh ar fáil sna sonraí teagmhála agus ní hé sin don gcláraitheoir, ach amháin sa chás gur iarr an Cláraí seoladh r-phoist an chláraitheora a chur isteach. Tar éis an phróiseis Cláraithe, ní mór don Chláraitheoir a chinntiú gurbh iad sonraí an Chláraí amháin atá sa bhunachar *WHOIS* an t-am go léir, agus nach iad a shonraí féin.

- Gan Ainmneacha Fearainn a chlárú gan treorú sonrach a bheith faighte chun é a dhéanamh ón gCláraitheoir. D'ainneoin an méid sin roimhe seo, d'fhéadfadh an Cláraitheoir líon teoranta Ainmneacha Fearainn a chlárú chun a úsáide féin amháin gan treorú sonrach chun é sin a dhéanamh ón gCláraitheoir, agus ina leithéid de chás déanfaidh an cláraitheoir cruthúnas a chur ar fáil do EURid ar a chéad iarratas agus go hiomhlán gan mhoill mhíchuí, gur do úsáid an Cláraitheoir féin amháin na hAinmneacha Fearainn cláraithe. Chun críocha de chuid na míre seo, ní meastar treoracha ón gCláraí a bhfuil mórán cosúlachtaí aige leis an gcláraitheoir nó naisc leis an gcláraitheoir (ag cur san áireamh ach ní teoranta do: go mbeadh an uimhir ghutháin nó seoladh r-phoist céanna acu, go mbeadh an teagmhálaí den aonán liostáilte díreach mar an gcéanna le teagmhálaí teicniúil nó bille an chláraitheóra) a bheith mar threoracha sonracha i gcomhthéacs na míre seo.

Airteagal 5. TRÉIMHSE *SUNRISE*

Le tús a chur le tréimhse tosaigh Chlárúchán Ainmneacha Fearainn .eu, beidh tréimhse chláraithe chéimnithe nó "tréimhse *Sunrise*" mar a fhoraíltear i Rialachán 874/2004, chun deis a thabhairt do Chomhlachtaí Poiblí agus dóibh siúd ag a bhfuil cearta cheana féin ar ainm iarratas a dhéanamh ar na hainmneacha sin a chlárú sula dtosaíonn EURid ag glacadh le hiarratais chláraithe bunaithe ar an bprionsabal ar 'tús freastail ar na gceann is túisce'. Seolfar ar ríomh-phost an tréimhse ama, na dualgais ar leith, na téarmaí agus coinníollacha maidir leis an tréimhse *Sunrise* – chomh maith le an táille iarratais chuí (na táillí láimhsithe agus bailíochtaithe) le linn na tréimhse *Sunrise*, chuig an seoladh ríomh-phoist a chuireann na cláraitheoirí ar fáil le linn an phróisis Creidiúnaithe agus foilseofar iad shuíomh Gréasáin EURid tráth nach déanaí ná dhá mhí sula dtagann siad in éifeacht.

Déanfaidh EURid na táillí bailíochtaihe a aisíoc leis an gcláraitheoir ar táillí bailíochtaithe iad a gearradh air maidir leis na hiarratais ón Chláraitheoirí ar 'ainmneacha fearainn a rinneadh le linn tréimhse *Sunrise* ar eagla go mbeidh a leithéid d'iarratais neamhbhailí anois de bharr dáileadh an Ainm Fearainn comhfhreagrach ar iarratasóir eile nó nuair a éiríonn siad neamhbhailí. Ní dhéanfar iarratasóirí a éilíonn stádas comhlachtaí phoiblí a aisíoc. Comhaontaíonn an cláraitheoir go ndéanann sé Cláraitheoirí atá sa staid thuasluaite a chúiteamh an méid a fuarthas ó EURid. Tá, áfach, sé de cheart ag an gCláraitheoir táille a choiméad chun íoc as costais riaracháin a d´fhéadfadh teacht as láimhsiú an chúitimh.

Airteagal 6. TAILLÍ

6.1 Táillí

1. Sula féidir leis a bheith ina cláraitheoir creidiúnaithe, ní mór don chláraitheoir bhun tháille de EUR 10,000 (deich míle euro) a íoc roimh ré le EURid, gan táillí bainc nó aistrithe a bheith san áireamh.

Réamhíocaíocht is é an tsuim seo as a mbaineann EURid na táillí Cláraithe, athnuachana, ath-gníomhachtaithe agus aistrithe atá le híoc faoir réir airteagal 5.

Déanfaidh EURid Sonraisc mhíosúla a eisiúint do na táillí Cláraithe, athnuachana, ath-ghníomhachtaithe agus aistrithe atá le híoc faoi réir airteagal 6.1. Déanfar íocaíochtaí na sonrasc seo a úsáid chun an bhun tháille a shlánú.

Má shroicheann an réamhíocaíocht náid roimh sonrascadh míosúil EURid, nó sula n-íoctar sonrasc atá fós le híoc, ansin, ní cheadóidh ná ní dhéanfaidh EURid athnuachan ar Chlárúcháin ar a bhfuil iarratas déanta ag an glcáraitheoir seo go dtí go bhfaigheann EURid íocaíocht don ar a laghad an bun táille leagtha amach in airteagal 6.1.

sample document

Ní fhabhróidh aon ús ar an réamhíocaíocht chun sochairan chláraitheora (d'ainneoin airteagal 6.2). D'ainneoin na n-eisceachtaí atá ar fáil in airteagal 12 den gcomhaontú seo, déantar an chuid eile den réamhíocaíocht a aisíoc leis an gcláraitheoir ag deireadh an Chomhaontaithe nó, i gcás sárú conartha ag an gcláraitheoir, nuair ba ghnáthaí don gComhaontú teacht chun deiridh faoi réir airgeagal 10.

2. Ní mór don gcláraitheoir na táillí Cláraithe agus athnuachana a íoc do na hAinmneacha Fearainn a chláraíonn sé nó a dhéanann sé a athnuachan thar ceann an Chláraí. Leagann Taispeántas 1 amach na táillí Cláraithe agus athnuachana cuí, ar shíniú an chomhaontaithe seo. Baintear na táillí le haghaidh Chlárúcháin nua láithreach ón mbun ráta atá leagtha amach in airteagal 6.1 agus tá na táillí do na hathnuachana bainte amach as an mbun ráta leagtha amach in Airteagal 6.1 ag deireadh na míosa ina ndéantar an t-athnuachan.

Ní mór don gcáraitheoir na céimeanna go léir a thógaint chun Ainm Fearainn a scriosadh ón gcóras cláraithe go huathoibríoch faoin lá deiridh oibre den mhí sin ar a dhéanaí má éagann tréimhse Cláraithe an Ainm Fearainn le linn na míosa ina ndéantar an sonrasc a sheoladh amach agus nach bhfuiltear chun an Tréimhse Chláraithe a athnuachan. Déanfar Ainmneacha Fearainn a seolfar amach an sonrasc chucu agus a éagfaidh le linn na míosa agus nach bhfuil scriosta ón gcóras a athnuachan ar an ngnáth-chóras agus bainfear an táille a bhaineann leo ón mbun ráta leagtha amach in airteagal 6.1.

3. Is féidir leis an gcláraitheoir iarraidh ar EURid na hAinnmneacha Fearainn go léir nó cuid acu a aistriú go cláraitheoir creidiúnaithe eile. Gearrfaidh ERUid táille sonrach aistrithe ar na haistrithe seo. Tá an táille aistrithe is infheidhme ar shíniú an Chomhaontaithe seo leagtha amach i dtaispeántán 1. Bainfear na táillí aistrithe ón mbun ráta leagtha amach in airteagal 6.1 a luaithe agus a comhlíontar an t-áistriú.

4. Chun an Cláraí a chosaint in aghaidh scriosadh neamhdheonach, cuirfear Ainm Fearainn i gcoraintín le linn tréimhse ar leith tar éis an scriosadh seo; is cuma ar iarr an Cláraí an scriosadh seo nó nár iarr nó an de thoradh neamh-athnuachan an ainm fearainn é. Is féidir an ainm fearainn a ghníomhachtú arís le linn na tréimhse seo, ar iarratas ón gCláraí roimhe sin. Gearrfaidh EURid táille sonrach ar an ath-ghníomhachtú, a gearrfar ón mbun ráta leatgha amach in airteagal 6.1. Tá an tréimhse inar féidir an tAinm Fearann a ath-ghníomhachtú chomh maith leis an dtáille chuí ath-ghníomhachtaithe ar shíniú an chomhaontaithe seo leagtha amach i dtaispeántán 1.

5. D´fhéadfadh EURid na táillí luaite sna ceithre halt roimhe seo a leasú ag aon am agus cuirfidh sé an cláraitheoir ar an eolas faoi aon athraithe ní níos lú ná 30 sula dtagann éifeacht leis na táillí nua. Ní mór do EURid an t-eolas seo a sheoladh ar r-phost go dtí an r-phost atá curtha ar fáil ag an gcláraitheoir le linn an próiséis Creidiúnaithe agus a tháillí nua a fhoilsiú ar a shuíomh idirlín.

6.2 Iocaíocht

1. Ní mór na sonraisc a sheolann EURid go dtí an Cláraitheoir gach mí a íoc ar bhonnn míosúil de réir modh íocaíochta taispeáinte ar na sonraisc sin.

Beidh táillí clárúcháin agus athnuachana dlite a luaithe is atá Ainm Fearainn cláraithe nó nuair atá Tréimhse Cláraithe athnuaite, pé acu an bhfuil nó nach bhfuil íocaíocht faighte ag an gcláraitheoir ón gcláraí.

2. Ní mór sonraisc a íoc 30 lá taobh istigh de dháta an sonraisc. Baineann pionós le híocaíochtaí déanacha gan fógra agus déantar iad a ríomh mar a leanas:

- 10% den méid dlite (íos-mhéid de 250,000 EUR), agus
- Ús de 1% sa mhí ríofa do gach mí ar tosaíodh.

Ní chuireann sé seo isteach ar bhearta eile den chomhaontú seo.

sample document

Airteagal 7. FORÁLACHA TEICNIÚLA

7.1 An Nós Imeachta Cláraithe

Tá an nós imeachta Cláraithe iomlán uathoibrithe agus ní mór don Chláraitheoir meas a léiriú ar na nósanna imeachta atá forbartha ag EURid maidir le hAinm Fearainn a chlárú, a athnuachan nó a bhainistiú, ag cur san áireamh nósanna imeachta do thréimhse *Sunrise* agus maidir le huasghrádú eolais ar Chláraitheoirí. Tá léargas ginearálta de na nósanna imeachta seo le fáil ar shuíomh gréasáin EURid.

D´fheadfadh EURid na nósanna imeachta Cláraithe a leasú agus ní mór dón Chláraitheoir a chur ar an eolas ar a laghad 30 lá sula dtagann na nósanna imeachta nua i bhfeidhm trí r-phost agus tí na nósanna imeachta nua a chur suas ar shuíomh gréasáin EURid. Ag an am céanna, ní mór do EURid gach faisnéis theicniúil a chur ar fáil don chláraitheoir.

7.2 Lochtanna teicniúla

Ní bheidh an cláraitheoir in ann grréasán EURid a rólódáil nó bac a chur ar EURid a sheirbhísí a sholáthar (m.sh. ionsaithe seirbhísí a shéanadh). Níor chóir don Chláraitheoir gníomhú ina leithéid de shlí go mbagraíonn sé seasamhacht an Idirlín. Má sháraíonn an cláraitheoir na dualgais seo, d´fhéadfadh EURid an Comhaontú seo a chur ar ceal láithreach agus taobh istigh de 14 lá, gan fógra. D'fhéadfadh EURid deireadh a chur leis an gComhaontú má tá an cláraitheoir fós ag sárú na dualgas seo taobh istigh de 14 lá.

7.3 Rochtan ar bhogearraí EURid

Tá sé de dhualgas ar an gcláraitheoir rochtain ar chomhpháirteanna bhogearraí EURid a úsáid le meon macánta agus faoi réir, go feidhmiúil agus go teicniúil, na lámhleabhar ar úsáid, foilsithe ar shuíomh EURid, nó curtha ar fáil in aon tslí eile, trí phriontáil nó a leithéid, DD/DVD, srl, scéalta práinneacha cuí agus/nó nuacht litreacha san áireamh.

Sa chás go dtugann an cláraitheoir mífheidhm faoi deara, tá de dhualgas air é seo a lua i modh ruin le EURid, mar aon le haon ábhar tacaíochta a d´fhéadfadh cabhrú le EURid chun an locht líomhnaithe a aithint agus ina dhiaidh sin é a cheartú/a fheabhsú.

Níl cead ag an gcláraitheoir ag aon phointe a bhfuair sé amach a chur faoi bhráid an phobail, bíodh sin tríd an bpreas, grúpaí nuachta, bloganna nó aon shlite eile, roimh ráiteas oifigiúil a bheith faighte ó EURid maidir lena dhiagnóis agus leigheas an cás tuartha, laistigh de thréimhse réasúnta de ar a laghad 30 lá oibre ag tosnú ó dháta an chéad phíosa cumarsáide.

Pé uair, tar éis na tréimhse seo, go gcuireann an cláraitheoir a chumarsáid faoi bhráid an phobail, tá de dhualgas air a chur san áireamh, ina iomláin, an ráiteas ó EURid.

Airteagal 8. ROGHA CLÁRATHEORA

Ní mór don gCáraitheoir a cheadú don Chláraí an ceart cláraitheoir creidiúnaithe eile a roghnú ("Cláraitheoir Nua") do na Ainmneacha Fearainn, atá cláraithe nó athnuaite ag an gcláraitheoir. Ní mór don gcláraitheoir comhóibriú leis an gCláraí, an cláraitheoir Nua agus EURid in aon aistriú.

Nuair a éilíonn an Cláraitheoir Nua an t-aistriú faoi réir an nós imeachta chuí, seolfaidh EURid r-phost go dtí an Cláraitheoir Nua agus an Cláraí. Tagann an t-aistriú i bhfeidhm má dhearbhaíonn an Cláraí an t-aistriú laistigh de 14 lá ag leanúint r-phost EURid. Ní mór dearbhú a sheoladh go dtí EURid via comhéadan an ghréáséin, faoi réir threoracha an r-phoist a sheol an Cláraí, nó via facs.

Mura bhfreagraíonn an Cláraí laistigh de 7 lá, seolfaidh EURid meabhrúchán tríd an r-phost go dtí an Cláraitheoir Nua ag míniú nach dtiocfidh an t-aistriú i bhfeidhm ach amháin má dhearbhaíonn an Cláraí an t-athrú do EURid laistigh de 7 lá tar éis dáta an dara r-phost.

sample document

Mar thoradh ar an aistriú, bainfear an táille Cláraithe bliantúil ó chuntas an Chláraitheóra Nua go huathoibríoch a luaithe agus a thagann feidhm leis an aistriú (mar nach mór don Cláraitheoir Nua déanamh de rér na dualgas airgeadais eile leagtha amach in airteagal 6.) Ní thabharfaidh EURid an t-airgead a bhí díolta ag an sean-chláraitheoir ar ais, mar chuid ná i bpáirt.

Nuair a theastaíonn ó Chláraitheoir Ainm Fearainn a aistriú go tríú páirtí, beidh ar an tríú páirtí sin ceist a chur ar a chláraitheoir tús a chur leis an nós imeachta ar a bhfuil cur síos thuas. I gcás a leithéid dáistriú tabhair faoi deara nach mór don Chláraitheoir agus an tríú páirtí araon na hathruithe molta a dhearbhú via comhéadan an ghréasáin nó via facs.

Airteagal 9. BEARTAS PRÍOBHÁIDEACHTA

Coiméadfaidh an cláraitheoir beartas príobháideachta soiléir, faoi réir rialacháin cosanta sonraí uilig Náisiúnta, Eorpacha agus Idirnáisiúnta, agus cuirfidh sé an Cláraí ar an eolas faoi.

Staonfaidh an cláraí ó thurscar a chur chuig Chláraithe reatha nó Cláraithe a d'fheadfadh a bheith again sa todhchaí chun iad a ghríosadh lena sheirbhísí a úsáid. É sin ráite, má thugtar cuireadh do Chláraithe reatha a nAinmneacha Fearainn a athnuachan, ní fheictear ar fhaisnéis bhreise a sheoltar go Cláraithe mar thurscar áfach.

Ní roinnfidh an cláraitheoir sonraí pearsanta a Chláraithe le tríú páirtí mura n-iarrann údaráis phoiblí chuí air é a dhéanamh nó chun aidhm *WHOIS* EURid a choiméad.

Déantar an cláraitheoir a ainmniú mar Phróiseálaí Sonraí maidir le bailiúchán agus aistriú chuig EURid, ag gníomhú mar Rialtóir Sonraí na Sonraí Pearsanta atá ag Cláraithe, ar Cláraithe iad atá ag iarraidh Ainm Fearainn a Chlárú nó Tréimhse Chláraithe a athnuachan.

Chun na críche seo, déanfaidh an cláraitheoir:

a) má tá sé bunaithe taobh istigh den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach,ní mór déanamh de réir na reachtaíochta cosanta sonraí cuí atá i bhfeidhm sa Bhall-stát ina bhfuil an Cláraitheoir bunaithe agus ní mór EURid a shlánú neamhdhíobhálach in aghaidh aon ghníomh a bheadh ag tríú páirtí mar thoradh ar sháraithe ar dhlíthe cosanta sonraí maidir le feidhmíocht an Chomhaontaithe seo.

b) má tá sé bunaithe taobh istigh de thír atá lasmuigh den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach atá dearbhaithe mar áit go bhfuil leibhéal dóthain cosanta ann i ngeall ar a dhlí náisiúnta nó tiomantais idirnáisiúnta go bhfuil sé tar éis aontú air faoi chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh tógtha faoi Airteagal 25(6) de threoir 95/6/CE, ní mór déanamh de réir na reachtaíochta sonraí cosanta cuí atá i bhfeidhm sa dlinse ina bhfuil an cláraitheir bunaithe agus EURid a shárú neamhdhíobhálach i gcoinne aon ghnímh tríú páirtí mar thoradh ar sháraithe dlithe sonraí cosanta maidir le feidhmíocht an Chomhaonaithe seo.

c) má tá sé bunaithe taobh istigh den tír nach gcomhlíonann na coinníollacha atá leagtha amach in (a) nó (b) thuas, ní mór do déanamh de réir na gclásal caighdeánacha conartha glactha faoi Chinneadh Choiomisiún na hEorpa 2002/16/CE 27 Nollaig 2001 agus EURid a shárú neamhdhíobhálach i gcoinne aon ghnímh a dhéanfadh tríú páirtí mar thoradh ar aon sháruithe ar fhorálacha conartha maidir le feidhmíocht an Chomhaontaithe seo.

d) má tá sé bunaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá ní mór don Chláraitheoir:

- claí le Prionsabail Phríobháideacha *Safe Harbor* atá eisithe ag Roinn Tráchtála na Stáit Aontaithe, ag tabhairt dóthain faisnéise do EURid, agus EURid a shárú neamhdhíobhálach i gcoinne aon ghnímh a dhéanfadh tríú páirtí mar thoradh ar aon sháruithe ar fhorálacha conartha maidir le feidhmíocht an Chomhaontaithe seo nó

Sample document

- claí le forálacha conartha atá leagtha amach in (c) thuas, agus EURid a shárú neamhdhíobhálach i gcoinne aon ghnímh a dhéanfadh tríú páirtí mar thoradh ar aon sháruithe ar fhorálacha conartha maidir le feidhmíocht an Chomhaontaithe seo.

Airteagal 10. TRÉIMHSE

Déantar an Comhaontú seo a chur i gcrích ar feadh tréimhse bliana ag tosnú ón dáta Creidiúnaithe agus ag críochnú ar an lá deiridh de mhí ceiliúrtha an Chomhaontaithe.

Ag deireadh a thréimhse, sínfear an Comhaontú seo ar feadh tréimhsí comhleanúnacha de bhliain amháin mura gcuireann ceachtar páirtí an páirtí eile ar an eolas i scríbhinn tráth nachc déanaí ná 3 mhí roimh deireadh an chéad téarma den Chomhaontú nó tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh aon tréimhse bliana comhleanúnach den Chomhaontú nach dteastaíonn uaidh an Comhaontú a shíneadh.

Airteagal 11. FOIRCANNADH AN CHOMAONTAITHE

11.1 Foirceannadh Údarás Cláraithe EURid

Tiocfaidh an Comhaontú seo chun críche láithreach mura féidir le EURid ar chúis ar bith Ainmneacha Fearainn a chlárú. Ní bheidh EURid freagrach as damáistí a leanfaidh an foirceannadh seo, mura bhfuil sé de thoradh ar mhórfhaillí nó calaois éigin ag EURid. Ní mór do EURid an cláraitheoir a chur ar an eolas láithreach maidir le haon fhíric ar a tugadh a áird a d'fhéadfadh údarás cláraithe EURid a thabhairt chun críche.

Nuair a fhaigheann sé amach faoi fhoirceannadh a údarás chláraithe, úsáidfidh EURid a iarrachtaí is fearr chun:

- Áisitheoireacht a dhéanamh ar na conarthaí reatha agus nó na haistrithe idir EURid agus na cláraitheoirí ag an dáta foircinn;

- Tréimhse fógartha a fháil sula n-éagann a údarás cláraithe.

11.2 Sárú Conartha

Má sháraíonn an cláraitheoir an Comhaontú seo, airteagal 2.3 san áireamh gan teorainn, seolfaidh EURid ríomh-phost go dtí an seoladh ríomh-phoist a chuir an cláraitheoir ar fáil le linn an phróisis Chreidiúnaithe agus litir trí phostas cláraithe go dtí an gcláraitheoir ag iarraidh ar an gcláraitheoir scor de bheith ag sárú an Chomhaontaithe. Is féidir le EURid deireadh a chur leis an gComhaontú gan aon fhógra breise agus gan aon chúiteamh a bheith ar fáil mura bhfreagraíonn an cláraitheoir nó mura stopann an cláraitheoir ag sárú an Chomhaontaithe laistigh de 14 lá tar éis seoladh an ríomh-phoist.

11.3 Féidhmeacht nó foirceannadh

Tiocfaidh an comhaontú chun críche láithrech gan aon chúiteamh a bheith le fáil má:

- thiteann an cláraitheoir i bhféimheacht; nó

- go ndéanann an cláraitheoir iarratas ar chúiteamh breithiúnach, nó

- go dtagann gnó an chláraitheóra chun críche

Sample document

Airteagal 12. NA hIARMHAIRTÍ A BHAINEANN LE TEACHT CHUN CRÍCHE CHOMHAONTÚ AN CHLÁRAITHEORA

Ar tabhairt chun críche, ní mór don chláraitheoir na táillí atá dlite roimh fhoirceannadh a íoc láithreach. Ar iarratas ón gCláraitheoir a bhfuil a Chomhaontú foirceanta nó duine go bhfuil cead aige feidhmiú thar a cheann, aistreoidh EURid Ainmneacha Fearainn an Chláraitheóra a bhfuil a Chomhaontú foirceanta chuig cláraitheoir amháin nó níos mó atá creidiúnaithe. In a leithéid de chás gearrfaidh EURid an táille aistrithe luaite in Airteagal 6.1.3 agus bainfidh sé an táille sin ón mbun táille atá fágtha a híocadh faoi réir airteagal 61 den Chomhaontú seo. Déanfar aon suim atá fágtha a aisíoc leis an gcláraitheoir ag deireadh an chéad téarma den Chomhaontú, nó más cuí, ag deireadh na síneadh bliana atá i bhfeidhm. Tabhair faoi deara nach ndéanfar aon aisíoc roimh dheireadh na tréimhse *Sunrise* atá leagtha amach in airteagal 5.

Má dhéanfar an Comhaontú a thabhairt chun críche agus mura n-éiríonn leis an gcláraitheoir aistriú na nAinmneacha Fearainn atá i seilbh do chláraitheoir(í) eile taobh istigh de mhí amháin ar thabhairt chun críche an Chomhaontaithe, ní mór do EURid a chur in iúl do na Cláraitheoirí go bhfuil a nAinmneacha Fearainn curtha ar choiméad faoi réir na Rialacha. Cuirfear an t-eolas seo ar ríomh-phost go dtí an seoladh ríomh-phoist a chuir an cláraitheoir ar fáil le linn an phróisis Chláraithe agus a foilsíodh ar shuíomh gréasáin EURid tráth nach déanaí ná dhá mhí sula dtagann sé i bhfeidhm.

Ag an am céanna ní mór do EURid a chur in iúl don Chláraitheoir go bhfuil mí amháin acu le cláraitheoir eile a roghnú. Tá sé de chead ag EURid sonrasc a sheoladh amach maidir leis na costais a bhaineann le próiseáil na faisnéise seo má bhíonn na costais seo níos mó ná a bhfuil fágtha sa bhun táille – ráta cothrom.

Má ainmníonn an Cláraí Cláraitheoir eile, athróidh EURid na taillí athnuachana chuig an gcláraitheoir nua nuair a thiocfaidh an téarma Cláraithe faoin sean chláraitheoir chun críche. Mura n-ainmníonn an Cláraí Cláraitheoiir eile, cuirfidh EURid deireadh le Clárú an Ainm Fearainn ag deireadh a thréimhse. Fanfaidh an Ainm Fearainn ar coraintín ar feadh na tréimhse is faide de:

- Trí mhí tar éis d'eisiúint an fhógra ag iarraidh ar an gCláraí Cláraitheoir nua a ainmniú; nó
- Dhá mhí tar éis deireadh a chur leis an gClárú.

Fad is atá an Ainm Fearainn ar coraintín, d'fhéadfadh an Cláraí cláraitheoir eile a ainmniú. Ní mór don chláraitheoir iarratas mínithe a sheoladh go dtí EURid ag déanamh iarratais le bheith ina chláraitheoir agus chun aon Chlárúcháin a bhí curtha chun deiridh a athbhunú.

Airteagal 13. DÁILEADH CEART

D'fhéadfadh an Cláraitheoir a chearta agus a dhualgais a shannadh do chláraitheoir creidiúnaithe eile má chuireann an cláraitheoir in iúl do EUrid i scríbhinn é tráth nach déanaí déanaí ná mí amháin sula dtagann feidhm leis an sannadh.

Airteagal 14. RAHAÍOCHTAÍ

Ní Mór don Chláraitheoir EURid a shlánú in aghaidh aon éilimh ar dhamáistí i gcúirt nó lasmuigh de chúirt atá déanta ag Cláraí nó tríú páirtithe in aghaidh EURid as na táirgí agus seirbhísí a bhí á dtairiscint ag EURid nó ag an gcláraitheoir, ag cur san áireamh ach ní teoranta dóibh seo leanas:

- éilimh an Chláraitheora maidir le sárú an Chomhaontaithe seo

sample document

- éilimh maidir le ceadú nó gan ceadú, athnuachan nó gan-athnuachan Chlárúchán Ainm Fearainn an Chláraí nó tríú páirtí;

- éilimh maidir le foirceannadh údarás cláraithe EURId faoin bhfearann ".eu" (d'ainneoin aiteagal 11.1 den Chomhaontú seo);

- éilimh tríú páirtithe ar chearta Ainm Fearainn; nó

- éilimh maidir le máchailí teicniúla nó easnaimh.

Airteagal 15. ILGHNÉITHEACH

15.1 Éifeacht an Chomhaontaithe seo ar thríú páirtithe

Ní chruthaíonn an Comhaontú seo ach cearta agus dualgais do na páirtithe a shíníonn agus ní do tríú páirtithe. Ní féidir le tríú páirtithe aon chearta a éileamh in aghaidh an chláraitheora nó EURid

15.2 Leasuithe

Ní mór don dá pháirtí aontú ar leasuithe an Chomhaontaithe seo i scríbhinn, mura léiríonn an Comhaontú seo a mhalairt go hiomlán.

D'ainneoin an ailt roimhe seo, d'fhéadfadh EURid na Rialacha a leasú má chuireann sé na leasuithe in iúl don chláraitheoir tráth nach déanaí ná 30 lá sula dtagann siad i bhfeidhm. Ní mór do EURid an fhaisnéis seo a sheoladh trí ríomh-phost go dtí an seoladh ríomh-phoist atá curtha ar fáil ag an gcláraitheoir le linn an phróisis Chreidiúnaithe agus é a fhoilsiú ar a shuímh gréasáin.

15.3 Díospóidí

Is faoi réir dhlí na Beilge atá an comhaontú seo, agus tabharfar gach díospóid faoi bhráid chúirteanna na Bruiséile.

15.4 Maoin intleachtúil

Ní athraíonn an comhaontú seo stádas aon chearta maidir le maoin intleachtúil na bpáirithe atá i gceist (go háirithe, ach ní gan teorainn, ní aistríonn ceachtar páirtí úinéireacht de, ná ceadúnais chuig a chearta maoine intleachtúla).

15.5 Úsáid lógó agus ainm EURid

Ní thugann an Comhaontú seo cead don chláraitheoir lógó ná ainm EURid a úsáid ach amháin le cead sainráite EURid. Is féidir le EURid lógónna ar leith a chruthú chun sochair an chláraitheora agus is féidir leis ceart a dheonú don chláraitheoir na lógónna seo a úsáid. Cuirfidh EURid an cláraitheoir ar an eolas maidir len a leithéid de tharlúint.

Ar thabhairt chun críche an Chomhaontaithe seo de bhun airteagal 10, 11 agus 12, ní mór don chláraitheoir éirí as úsáid lógónna EURid, a bhí ceadaithe san alt roimhe seo.

Sample document

15.6 Suíomh Gréasáin an chláraitheóra

Tá dualgas ar an gcláraitheoir a shuíomh gréasáin a bheith aige agus i gcásanna ina ndéantar na Clárúcháin a riaradh via idirlín a bhaineann le tríú páirtí, beidh an cláraitheoir faoi dhliteanais gach a bhfuil ar shuíomh gréasáin an pháirtí seo. Tá de dhualgas ar an gCláraitheoir, sa dá chás, teagmháil a dhéanamh le EURid maidir leis an tagairt díreach don chuid den shuíomh gréasáin ina ndéantar tagairt do Chlárú an Ainm Fearainn. Tá de cheart ag EURid taifead a dhéanamh don tagairt seo ar a shuíomh féin chun gur féidir le cláraithe teagmháil a dhéanamh leis an gCláraitheoir go díreach. Sa chás go bhfuil é as dáta, tá sé de chead ag EURid freisin an tagairt seo a thabhairt suas chun dáta.

ample document

Do EURid

Don Chláraitheoir

Marc Van Wesemael
Bainisteoir Ginearálta

(ainm + teideal + dáta)

Taispeánán 1: Clárú agus táillí athnuachana a bhaineann le síniú an Chomhaontaithe seo

Taispeánán 1: Clárúchán agus táillí athnuachana a bhaineann le síniú an Chomhaontaithe seo

1. 4 EUR is ea an táille Chláraithe an Ainm Fearainn (níl CBL anseo) ag am sínithe an Chomhaontaithe se idir EURId agus an cláraitheoir. San áireamh sa táille seo tá ceart úsáide an Ainm Fearainn ar feadh tréimhse bliana tar éis Cláraithe.

2. 4 EUR is ea an táille athnuachana ar Chlárú an Ainm Fearainn (níl CBL san áireamh) ag am sínithe an Chomhaontaithe seo idir EURid agus an cláraitheoir.

3. 0.25 EUR is ea an táille ar aistriú iomlán d'Ainmneacha Fearainn ag EURid ar éileamh ón gcláraitheoir (gan CBL) ar gach Ainm Fearainn le híos-mhéid de 500 EUR (gan CBL) ar gach iarratas ar idirbheart.

4. 5 EUR (gan CBL) an táille ar ath-ghníomhú Ainm Fearann a cuireadh ar ''coraintín'' CBL. Is féidir Ainm Fearann atá ar ''coraintín'' a ath-ghníomhú le linn tréimhse 40 lá tar éis a scriosta.

5. Is é an táill atá ar ath-ghníomhactú Ainm Fearainn a cuireadh ar ''coraintín'' lena ngabhann aistriú Ainm Fearainn chuig cláraitheoir nua is ea 20 EUR (gan CBL) Is féidir Ainm Fearann ar coraintín a ath-ghníomhachtú le linn tréimhse 40 lá tar éis a scriosta.

sample document